



## **Scoláireacht an Oireachtais agus Scoláireacht Nua Eile i dTaibhealaíona na Gaeilge agus na Gaeltachta fógartha don bhliain acadúil 2024/25 ag Ollscoil Mhá Nuad**

Is cúis mhór áthais dúinn é go mbeidh Scoláireacht an Oireachtais (€3000) á cur ar fáil don sruth MA Nua-Ghaeilge i dTaibhealaíona agus i dTraidisiúin Bhéil na Gaeilge arís i mbliana. Tá tuilleadh eolais faoin gclár nuálach MA seo le fáil ag an nasc seo a leanas . Le cur le fíis an Oireachtais maidir le cur chun cinn na dtaibhealaíon Gaeilge/Gaeltachta trí **Scoláireacht an Oireachtais** a chur ar fáil do mhic léinn, beidh an dara scoláireacht (€2000) á cur ar fáil ag Ollscoil Mhá Nuad le tacú le cleachtóirí ar mian leo tabhairt faoin sruth nuálach MA seo go sonrath, arís i mbliana. Is deis iontach í seo d’ealaíontóirí Gaeilge/Gaeltachta de gach saghas – mar shampla, amhránaithe, ceoltóirí, damhsóirí, aisteoirí, scríbhneoirí, nó cleachtóirí ealaíonta eile. Is féidir le hiarrthóirí cur isteach ar an dá scoláireacht, agus tá tuilleadh sonraí le fáil thíos.

### **Scoláireacht 1: Scoláireacht an Oireachtais 2024/25 (€3000)**

Beidh scoláireacht MA i dtaibhealaíona na Gaeilge agus na Gaeltachta á cur ar fáil ag an Oireachtas don MA Nua-Ghaeilge in Ollscoil Mhá Nuad arís i mbliana. Is scoláireacht í seo do mhic léinn a roghnaíonn an sruth nua MA i dTaibhealaíona agus i dTraidisiúin Bhéil go sonrath, an t-aon chúrsa MA lán-Ghaeilge sa tír inar féidir speisialtóireacht sa chleachtas cruthaitheach agus speisialtóireacht sa Ghaeilge a fhorbairt in éineacht. Is cúrsa é seo atá oiriúnach do réimse leathan ealaíontóirí traidisiúnta agus/nó comhaimseartha a bhíonn ag gníomhú trí mheán na Gaeilge – amhránaithe, ceoltóirí, damhsóirí, aisteoirí, scríbhneoirí, nó cleachtóirí ealaíonta eile, mar shampla. Is mian leis an Oireachtas an scoláireacht seo a chur ar fáil do chleachtóirí traidisiúnta nó comhaimseartha den soth a bheidh ag tabhairt faoin sruth máistreachta seo.

Scoláireacht amháin 3000 Euro a bheidh á cur ar fáil don bhliain acadúil 2024/25.

#### **Treoir d’iarrthóirí:**

1. Ní mór d’iarrthóirí a bheith tar éis cur isteach ar an MA Nua-Ghaeilge cheana féin trí PAC (MHU50 Lánaimseartha, MHU51 Páirtaimseartha) roimré. Is é an sprioc d’iarratais don MA Nua-Ghaeilge ná an 30 Meitheamh 2024, agus is é an sprioc d’iarratais don scoláireacht ná 01 Lúnasa 2024.
2. Ní mór d’iarrthóirí a n-uimhir iarratais ó PAC a lua sa bhfoirm iarratais don scoláireacht chun go nglacfar leis an iarratas.
3. Ní mór d’iarrthóirí an t-iarratas a scríobh i nGaeilge
4. Ní mór d’iarrthóirí sampla dá saothar cruthaitheach a shíneadh isteach leis an iarratas, mar shampla triailfhiseán gearr níos lú ná 5 nóiméad ar fhaid, nó sampla de shaothar cruthaitheach eile, mar shampla píosa scríbhneoireachta cruthaithí nó eile. Glactar le healaíona Gaeilge/Gaeltachta de gach saghas – mar shampla an amhránaíocht, an ceol, an damhsa, an aisteoireacht, an fhilíocht, an scríbhneoireacht chruthaitheach, nó aon tsaghas taibhithe nó cleachtas eile.
5. Is trí fhoirm ar líne a líonadh isteach ag an nasc seo a leanas a chuirtear isteach ar an scoláireacht <https://forms.office.com/e/5vGxUZmXtn>

6. Mar chuid de choinníollacha na scoláireachta, beidh ról ambasadóra don sruth MA Nua-Ghaeilge *Taibhealaíona agus Traidisiúin Bhéil na Gaeilge* ag an té ar an mbronnfar Scoláireacht an Oireachtais

**Tuilleadh eolais:** [nua.ghaeilge@mu.ie](mailto:nua.ghaeilge@mu.ie). Tá lánfháilte roimh iarrthóirí dul i dteagmháil le Triona Ní Shíocháin, Ollamh le Nua-Ghaeilge agus le Taibhealaíona, ag [triona.nishiochain@mu.ie](mailto:triona.nishiochain@mu.ie) más mian leo aon ghné dá gcleachtas cruthaitheach a phlé léi nó má bhíonn aon cheist acu uirthi faoin scoláireacht nó faoin bpróiseas iontrála.

### **Scoláireacht 2 : Scoláireacht MA i dTaibhealaíona na Gaeilge/na Gaeltachta, arna mhaoiniú ag Scoláireachtaí MA Múinte Ollscoil Mhá Nuad 2024 (2000 Euro)**

Is scoláireacht í seo d'iarrthóirí MA a thabharfaidh faoin sruth MA Nua-Ghaeilge i dTaibhealaíona agus i dTraidisiúin Bhéil na Gaeilge 2024/25 mar chuid de scoláireachtaí Ollscoil Mhá Nuad do mháistreachtaí múinte na hOllscoile. An sprioclá don scoláireacht seo ná 30 Meitheamh 2024.

Tuilleadh eolais faoi na critéir agus faoin bpróiseas iontrála le fáil ag an nasc seo:

<https://tinyurl.com/3vhh9rrz>.

Sa chás go n-éiríonn le hiarrthóir ar leith an scoláireacht seo ó Ollscoil Mhá Nuad agus Scoláireacht an Oireachtais a ghnóthú, toisc gur maoiniú seachtrach atá i Scoláireacht an Oireachtais, beidh cead aige/aici an dá scoláireacht a choimeád faoi réir téarmaí agus coinníollacha áirithe.

<b>Spriocanna</b>	<b>Spriocdhátáí</b>
Iarratas le bheith istigh don MA Nua-Ghaeilge trí PAC	30 Meitheamh 2024
Iarratas le bheith istigh do Scoláireacht 2 mar chuid den chomórtas oscailte scoláireachtaí do mháistreachtaí múinte in Ollscoil Mhá Nuad	30 Meitheamh 2024
Iarratas le bheith istigh do Scoláireacht 1 (Scoláireacht an Oireachtais)	01 Lúnasa 2024

### **Scoláireacht an Oireachtais and MU Taught Master's Scholarship in Irish-language Performing Arts and Oral Traditions announced for the upcoming academic year 2024/25**

Maynooth University is delighted to announce that **Scoláireacht an Oireachtais** (€3000), externally funded by an tOireachtas, will be offered again for this coming academic year 2024/25. Further information on this innovative MA stream can be found here: . In further support of an tOireachtas' pioneering vision for the development and promotion of Irish-language and Gaeltacht performing arts through Scoláireacht an Oireachtais, Maynooth University will provide an additional taught master's scholarship (€2000) again this year to support creative practitioners who wish to undertake this innovative MA stream in Irish-language performing arts and oral traditions. This excellent opportunity is suitable for a wide range of Irish-language and Gaeltacht artists – for example, singers, musicians, dancers, actors, writers, or other creative practitioners. Candidates may apply for both scholarships, and please see below for further information.

### **Scholarship 1: Scoláireacht an Oireachtais 2024/25 (€3000)**

Scoláireacht an Oireachtais will be offered again this year to students who wish to undertake the MA Nua-Ghaeilge stream in Irish-language performing arts and oral traditions at Maynooth University, the only Irish-medium MA course in Ireland through which students can specialise in both creative practice and the Irish language at the same time. The scholarship is suitable for a wide range of traditional and/or contemporary Irish-language artists, such as singers, musicians, dancers, actors, writers, or other artistic practitioners. An tOireachtas wishes to award this scholarship to an outstanding traditional or contemporary artist who wishes to undertake the MA Nua-Ghaeilge stream in Irish-language performing arts and oral traditions.

One scholarship valued at 3000 Euro will be offered for the academic year 2024/25.

#### **Guide for applicants**

1. To be eligible to apply, applicants must have already applied for the MA Nua-Ghaeilge through PAC (MHU50 full-time, MHU51 part-time). The deadline for applications for the MA Nua-Ghaeilge is 30 June 2024, and the application deadline for Scoláireacht an Oireachtais is 01 August 2024.
2. Applicants must provide their PAC application number in their application so that the application can be accepted.
3. The application must be completed in Irish
4. Applicants must submit a sample of their creative work with the application, for example a short video audition of no more than 5 minutes, or a piece of creative writing, or other creative works. Creative submissions can be from any arts practice or genre – for example, song, music, dance, acting/theatre, poetry, creative writing, or any other sort of performance practice or creative practice.
5. Applicants must apply through the following online form <https://forms.office.com/e/5vGxUZmXtn>
6. As part of the conditions of the scholarship, the recipient of Scoláireacht an Oireachtais will have an ambassadorial role in respect of the MA Nua-Ghaeilge stream in Irish-language performing arts and oral traditions.

**Further information:** [nua.ghaeilge@mu.ie](mailto:nua.ghaeilge@mu.ie) . Applicants are welcome to contact Tríona Ní Shíocháin, Professor of Modern Irish and Performing Arts, at [triona.nishiochain@mu.ie](mailto:triona.nishiochain@mu.ie), should they wish to discuss any aspect of their creative practice with her or should they have any question regarding the scholarship and/or application process.

### **Scholarship 2 : Taught Master’s Scholarship in Performing Arts and Oral Traditions, funded by Maynooth University Taught Masters Scholarships 2024, (2000 Euro)**

This scholarship is suitable for MA applicants who wish to undertake the MA Nua-Ghaeilge stream in Irish-language Performing Arts and Oral Traditions 2023/24. The scholarship application deadline is 30 June 2023. Further information on criteria and the application process can be found at the following link: <https://tinyurl.com/3vhh9rrz> .

Should a candidate secure both the above MU taught master’s scholarship and Scoláireacht an Oireachtais, because Scoláireacht an Oireachtais is externally funded, it is possible for the awardee to hold both at the same time, subject to terms and conditions.

Deadlines	Deadline Dates
Submission deadline for application through PAC for the MA Nua-Ghaeilge	30 June 2024
Submission deadline for Scholarship 2 as part of the Maynooth University's taught master's scholarship competition	30 June 2024
Submission deadline for Scholarship 1 (Scoláireacht an Oireachtais)	01 August 2024